Gaelcholáiste Chill Dara

Ar thuras léinn is feasa


Bileog Eolais

Eagrán 28

24 Aibreán 2026

Meitheal Chill Dara

Ba mhór ag Cill Dara tú a bheith i láthair ag Meitheal Chill Dara 2026: Comhdháil bhliantúil pleanála teanga an chontae. Beidh an Mheitheal ar siúl i mBaile Átha Í in Óstán an Clanard Court ar an 9 Bealtaine 10:00-13:00. Beidh Árd-Stiúrthóir TG4, Deirdre Ní Choistín, mar aoichainteoir ag an Meitheal i mbliana. Cláraigh anseo



Nath Folláine na Seachtaine

Bíodh meas agat ort féin agus beidh meas ag daoine eile ort.

Nod staidéir na seachtaine

Scoláirí

Tabhair aire don fholláine. Faigh codladh na hoíche. Bí ag ithe go sláintiúil. Bíodh spraoi agat.

Mothóidh tú níos fearr ionat féin agus beidh an staidéar níos éifeachtaí.

Caomhnóirí

Cabhraigh leo aire a thabhairt don fholláine.

Suirbhé ar fheithidí

Ar an Aoine roimh shos na Cásca, thug 4S faoi shuirbhé ar fheithidí ar An Ráth Mhór. Duine de na tuismitheoirí ón scoil, Brian Ó Muirí, a rinne an 'bug safari' leis na scoláirí.



Féar á bhaint ag bun crann



4S i mbun oibre



Scoláirí bliain 6 ag tógáil sos ón staidear



Sophie, Rebecca agus Jasmine i nGáirdíní De Burgh le déanaí.



Turas IB do Ghaisce

Chuaigh 13 scoláire ón Idirbhliain ar thuras thar oíche Dé Céadaoin i gCill Mhantáin mar chuid de ghradam Ghaisce. Bhí an t-ádh dearg leo leis an aimsir.





Cruinneas na Gaeilge

Botún coitianta:
~~Muintir an Phalaistín~~

An leagan ceart:
Muintir **na** Palaistíne

(Is focal baininscneach é ‘Palaistín’ – An P**h**alaistín - mar sin úsáidtear ‘na’ sa Tuiseal Ginideach.)

Comhghairdeas le Cara!

Tháinig Cara (1T) sa chéad áit faoi sé i bhFeis Damhsa na hÉireann an deireadh seachtaine seo caite. Tá sí ag ullmhú do craobhacha na hÉireann i mí an Mheithimh.



Dátaí Tábhachtacha

4 Bealt: Lá saoire bainc – scoil dúnta

5 - 6 Bealt: Turas go Baile Theas – bl. 2

7 Bealt: Turas ealaíne – bl. 5 agus bl. 6

7 - 8 Bealt: Turas go Causey Farm – IB

11 Bealt: Craobh peile, buachaillí faoi 16

13 Bealt: Turas chuig Páirc Emerald le buatóirí Chomórtas na dTithe

15 Bealt: Grad bl. 6

19 - 20 Bealt: Seó scoile

25 - 29 Bealt: Scrúduithe tí

Tá gach eolas reatha ar fáil ar www.gccd.ie.

Seanfhocal na Seachtaine (28):

Is buí le bocht an beagán.

Gaelcholáiste Chill Dara

Bileog Eolais

Ar thuras léinn is feasa

Eagrán 28

24 April 2026

Meitheal Chill Dara

Cill Dara le Gaeilge is delighted to invite you to Meitheal Chill Dara 2026: the county's annual language planning conference. The Meitheal will take place in Athy in the Clanard Court Hotel on the 9th of May 10:00-13:00.

Director General of TG4, Deirdre Ní Choistín, will be the guest speaker at this year's Meitheal. Register here.



Wellbeing phrase of the week

Respect yourself and others will respect you.

Study tip of the week

Students

Take care of your wellbeing. Get a good night's sleep. Eat healthily. Have fun.

You will feel better about yourself and the study will be more effective.

Parents/Guardians

Help them to take care of their wellbeing.

Insect survey

On the Friday before the Easter break, 4S undertook an insect survey in Rathmore. One of the parents from the school, Brian Ó Muirí, did the 'bug safari' with the students.



Removing grass at the base of a tree



4S working away



6th Year students taking a break from study



Sophie, Rebecca agus Jasmine in the De Burgh Estate Gardens recently.



TY Gaisce trip

Thirteen Transition Year students went on an overnight trip to Wicklow on Wednesday as part of the Gaisce award. They were very lucky with the weather.





Accuracy in Irish

Common mistake:

~~Muintir an Phalaistín~~

The correct version:

Muintir **na** Palaistíne

('Palaistín' is a feminine word – An P**h**alaistín – therefore we use 'na' in the Genitive Case.)

Congratulations Cara!

Cara (1T) won six first places in an Irish Dancing Feis last weekend. She is preparing for her association All Irelands in June.



Important dates

4 May: Bank holiday – school closed

5 - 6 May: Turas go Ballyhass – 2nd Yrs

7 May: Art trip – 5th and 6th Yrs

7 - 8 May: Trip to Causey Farm – TYs

11 May: Football final, boys under 16

13 May: Trip to Emerald Park for the winners of Comórtas na dTithe

15 May: 6th Yr Grad

19 - 20 May: School show

25 - 29 May: House exams

All up-to-date info is on www.gccd.ie.

Weekly saying (28):
Beggars can't be choosers.